2005

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL

Land Registry
Registry of Deeds
Clárlann na Talún
Clárlann na nGníomha

Ár Misean

Cosaint ar chreatlach dlíthiúil, sóisialta agus eacnamaíochta úinéireachta maoine

Pictiúir ar an gclúdach le caoin cead Michael McNamara & Co.

Deas go clé: Scoil Ghnó COG, Gealairí Náisiúnta na hÉireann, Oifigí Cathartha Bhaile Bhlainséir. Ospidéal Ollscoile N. Uinsionn

Contents

Forbhreathnú	2
Réamhrá	5
Seirbhís Custaiméara	8
Córais Eolais	9
Mapáil Digiteach	11
Cumainn Eorpacha	13
Athchóiriú agus Nua-aoisiú	15
Soláthar Eolais	16
Cairt Chustaiméara	17
Scrúdan Seachtrach	19
Acmhainní Daonna	20
Tuarascáil Airgeadais	21
Gluais Téarmaí	24
Teagmhálacha	27

Forbhreathnú

Tá áthas orm an tuarascáil bhliantúil do Chlárlann na Talún agus Chlárlann na nGníomhas do 2005 a chur i láthair. Beidh seo ar an tuarascáil dheiridh a fhoilseofar sula nglacann an tÚdarás Clárúcháin Maoine freagracht as gníomhaíochtaí na heagraíochta.

Ag a leithéid d'am suntasach inár stair fhada - le Clárlann na nGníomhas bunaithe i 1707, déanfar ceiliúradh trí chéad bliain air an bhliain seo chugainn agus is ann do Chlárlann na Talún ó 1892 - b'fhéidir gur mithid go ndéanfaí machnamh ar roinnt nithe a bhain an eagraíocht amach le déanaí agus féachaint orthu i gcomhthéacs a bhfuil á chur againn leis an sochaí go ginearálta.

Níl aon cheist ach go bhfuil eacnamaíocht na hÉireann tar éis fáis thar cuimse le blianta beaga anuas. Ó 1990 go 2005:

- Tháinig méadú ar OTN ó €32 billiún go €124 billiún.
- Tháinig méadú ar fhostaíocht de 71% ó 1,159,700 go 1,980,600.
- Tháinig méadú ar ár ndaonra ó 3.5m go dtí níos mó ná 4m.

I rith na tréimhse fáis agus méadaithe tapaidh seo is fearr a d'éirigh le hearnáil amháin den eacnamaíocht ná mar a rinne aon cheann eile, is é sin an margadh maoine. Le blianta beaga anuas tógadh breis agus 80,000 aonad nua tithíochta in aghaidh na bliana agus tá athruithe bunúsacha sa mhargadh morgáiste le hiontrálaithe nua ar an margadh, chomh maith le táirgí nua agus rátaí iomaíocha úis ag tomáint gníomhaíochta. Tháinig méadú ar theacht isteach ó Stampadhleachtanna ó €276m go €2,200m - méadú de 697% - ar bhearta réadacha maoine 95% acu. Rinne an-chuid tráchtairí tagairt don bhfás seo sa mhargadh maoine mar 'bhuacaíocht mhaoine' agus is deacair gan aontú leis an gcur síos seo.

Le linn na tréimhse fáis thar cuimse seo bhí Clárlann na Talún agus Clárlann na nGníomhas ag croílár - agus go deimhin ina dtomhas cruinn ar mhórán slite ar - an bhfás agus an méadú seo. Léiríonn na figiúir agus na staitisticí ar leibhéil ghníomhaíochta sna réimsí éagsúla ar fud na gClárlann, a

bhfuil imlíne orthu sa tuarascáil seo, an pointe seo. Is féidir an fás agus an ghníomhaíocht seo sna Clárlanna a thomhas go soiléir. Tá méadú tagtha ar líon na n-idirbhearta dlíthiúla amháin, ('déileáil') a críochnaíodh in aghaidh na bliana i gClárlann na Talún ó 1990 ó 93,000 go 222,967 - **méadú de 129,967 nó 140%.**

Is é an rún a bhaineann le chomh maith agus a d'éirigh leis na Clárlanna ná cur chuige 'modh athraithe leanúnach', ag glacadh le agus ag baint an leas is fearr as teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn. Cé gur tharla an-chuid anailíse agus oibre ullmhúcháin as ar éirigh le cur i bhfeidhm na gcóras nua-aoise eolais i rith na 1990aidí, is ó thús an 21ú haois is mó atá na leasa substaintiúla do chustaiméirí agus don fhoireann araon le feiceáil.

Ba chéim shuntasach é tosú an Togra Digiteach Mapála i rith 2005 agus nuair a bheidh sé críochnaithe beidh sé ina eilimint tábhachtach de 'jigsaw' teicneolaíochta reatha na gClárlann nó den chlár um Chóras Eolais. Ceaptar go mbeidh leasa móra agus leanúnacha ag an gcóras nua seo do chustaiméirí na gClárlann sna blianta atá le teacht agus go leanfaidh leibhéal úsáide na seirbhísí leictreonacha agus sásamh chustaiméara ag fás.

Mar eagraíocht ní mór dúinn a chinntiú go mbíonn Éire i riocht a bheith rannpháirteach go hiomlán i bhforbairtí idirnáisiúnta a bhaineann le maoin réadach. Thug cumais agus tiomantas nár bheag foirne na gClárlann an eagraíocht go dtí an dea-staid ullmhaíochta ina bhfuil sé faoi láthair do thús ré nua eile fós agus sinn ag gluaiseacht i dtreo chlárú leictreonach agus tíolacas leictreonach leis na héifeachtaí is léir a thiocfaidh de bharr na gcóras seo.

Thug an Coimisiún Athchóirithe Dlí faoi thogra substaintiúil le tacaíocht ón Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí as a dtiocfaidh leasuithe bunúsacha i ndeireadh thiar ar ár ndlí Talún agus Tíolacais. Tá áthas ar Chlárlann na Talún go raibh páirt ghníomhach acu sa phróiseas seo, a bhfuil a thuilleadh sonraí air níos faide anonn sa tuarascáil seo.

Ba í 2005 an bhliain a roghnaíodh Clárlann na Talún, ó níos mó ná 260 iontráil, mar bhuaiteoir fhoriomlán ar an gcatagóir E-Rialtais ab Fhearr ag Duaiseanna na Seirbhíse Poiblí. Ar na hiontrála bhí speictream iomlán na hEarnála Poiblí in Éirinn - Ranna agus Oifigí Rialtais, na hOllscoileanna, cuideachtaí tráchtála Leathstáit, Údaráis Áitiúla etc. Bhí an t-ardghradam aitheantais seo mar thoradh ar na blianta pleanála agus ar chur i bhfeidhm ina raibh cur chuige comhoibritheach, a d'áirigh ár bhfoireann, ár gcustaiméirí agus páirtithe eile leasmhara agus ár bpáirtithe teicneolaíochta.

Agus a gcinneadh á dhéanamh acu mheas an painéal de mholtóirí neamhspleácha gur léirigh na Clárlanna **'tiomantas agus nuálaíocht den scoth ina gcur chuige maidir le seirbhísí e-Rialtais a chur i bhfeidhm in Éirinn'.**



FORBHREATHNÚ

B'aitheantas tráthúil é an dámhachtain seo agus an-mholadh é ar fhoirne uile na gClárlann a chuir le nuálaíocht fhoriomlán ár seirbhísí agus leibhéil táirgiúlachta atá feabhsaithe go mór. Sholáthar an próiseas dámhachtana áis neamhspleách tagarmharcála an-inchreidte a cheadaigh na Clárlanna a chur i gcomparáid leis an scoth agus bhí an toradh an-sásúil.

I rith 2005 cuireadh an Bille Cláraithe Gníomhas agus Teideal níos faide tríd an bpróiseas reachtach agus táthar ag súil leis go síneófar ina dhlí é i rith 2006.

Ba phribléid agam é na Clárlanna a stiúradh ó cheap an Rialtas mé sa ról stairiúil seo Cláraitheora Gníomhas agus Teideal i 1990. Tháinig mé i gcomharbacht ar na daoine uaisle dlíthiúla a raibh an post seo acu ó 1891. Ba é an mandáit ba mhó a bhí ag an ról seo ná 'iomláine na Clárlainne a chosaint' - dúshlán nár bheag. Ba mhaith liom an deis seo a thapú le buíochas a ghabháil leo sin go léir a d'úsáid a gcumas suntasach ag tacú leis an bprionsabal tábhachtach seo.

Ba mhaith liom mo bhuíochas ó chroí a ghabháil le Bord Eatramhach na gClárlanna faoi Chathaoirleacht an Uas. Joe Moran, as ucht a dtacaíocht agus a spreagadh i rith na mblianta a chuaigh tharainn agus na Clárlanna ag dul trí thréimhse athraithe nár tharla a leithéid roimhe seo.

Bliain athraithe stairiúil a bheidh i 2006 do na Clárlanna agus an tÚdarás nua Clárúcháin Maoine atá pleanáilte á thabhairt ar an saol. Táim ag tnúth le hoibriú leis an Údarás mar Phríomhfheidhmeannach le tacaíocht i gcónaí ón ár bhfoireann tiomanta, cumasach agus sciliúil, agus ár bhfuinneamh á chur le chéile againn chun seirbhís éifeachtach, ar féidir brath air agus atá costaséifeachtach ag baint leis do chlárú maoine, rud atá riachtanach dár n-eacnamaíocht.

Catherine Treacy

Príomhfheidhmeannach agus Cláraitheoir na nGníomhas agus Teideal

Réamhrá

Sárbhliain eile ba ea 2005 do Chlárlann na Talún agus do Chlárlann na nGníomhas. Tugann na staitisticí seo a leanas achoimre ar mhéid gníomhaíochta na bpríomhchatagóirí oibre.

Tháinig méadú ar na déileála a lóisteáladh ó 197,922 go 211,167, méadú de 6.7%.

Tháinig méadú ar na déileála a críochnaíodh ó 201,655 go 221,815, méadú de 10%. Ba é timpeall 450,000 clárúchán an toradh a bhí air seo. Mar thoradh air sin tháinig laghdú ar riaráiste na ndéileála ar láimh don dara bliain as a chéile.

Tháinig méadú ar chláruithe le Clárlann na nGníomhas ó 83,464 go 92,920, ar mhéadú de 11.3% é.

Eisíodh 232,732 cóip deimhnithe fóilió agus mapaí do phleananna comhdaithe.

Rinne custaiméirí 1,044,073 beart trín ár Seirbhís Rochtana Leictreonach (EAS) i rith 2005, ar mhéadú de 35.7% é.

Tháinig méadú ar Iarratais Leictreonacha ar Chláraithe (e-Fhoirm 17) ó 31,964 go 49,777, ar mhéadú de 55.7% é.

In éineacht lena bhfuil thuas tharla na nithe suntasacha seo a leanas i rith 2005.

Tugadh conarthaí amach dár gcóras Mapála Digiteach agus tosaíodh ag obair ar an Togra.

Tugadh ordú cur le clárú éigeantach go trí chontae sa bhreis. Ba é seo an chéad uair a cuireadh le clárú éigeantach ó 1970.

Tháinig méadú ar thairseach Fhoirm 3 do chéad iarratais chláraithe go dtí €1m.

Cuireadh an Bille Cláraithe Gníomhas agus Teideal 2004 ar aghaidh tríd an Oireachtas. Is iad príomhaidhmeanna an Bhille (a) Athstruchtúrú agus nua-aoisiú a dhéanamh ar struchtúir



chláraithe talún sa Stát trí Údarás Clárúcháin Maoine a bhunú, (b) Uasdátú agus sruthlíniú a dhéanamh ar an dlí a bhaineann le Clárú Gníomhas agus (c) Athchóiriú a dhéanamh ar an dlí a bhaineann le clárú Teidil talún. Táthar ag súil leis go ndéanfar an Bille a achtú i 2006.

Lean an Cumann Eorpach um Chlárú Talún (ELRA), a bunaíodh i 2004, ag fás le ballraíocht ag sroichint 12 ag an gcruinniú a thionól an Ghréig sa Bhealtaine. Tá curtha in iúl ag dlínsí eile go bhfuil sé ar intinn acu a bheith páirteach ann go luath.

Deánadh cinneadh foirmeálta ballraíocht a bhaint amach i Seirbhís Eolais Talún na hEorpa (EULIS) agus táthar ag súil leis go mbeidh Clárlann Talún na hÉireann ann faoi dheireadh 2006.

MÉID NA nIDIRBHEART

Sa rannóg seo a bhfuil imlíne tugtar againn air, thug an méid gníomhaíochta sna catagóirí éagsúla oibre eolas iomchuí comparáide do na blianta beaga anuas.

TÁBLA 1.0 **CLÁRLANN NA TALÚN**

	Bliain	Tógáil isteach	Aschur
Iarratais+	2005	215,613	226,668
	2004	202,540	205,815
	2003	189,808	177,247
	2002	158,783	157,915
Deimhnithe*	2005	352,820	360,487
	2004	384,850	352,029
	2003	302,849	314,899
	2002	248,774	249,327

+Cuimsithe sna figiúir ag 'iarratais' tá déileála, iarratais faoi Alt 49, Céad Clárúcháin Agus Sceidil Choimisiún na Talún. D'fhéadfadh clárúchán amháin nó níos mó éirí as iarratas amháin.

*Tugann na figiúir ar dheimhnithe le chéile iarratais ar Chóipeanna Deimnnithe de Fhóiliónna agus de Phleananna Comhdaithe, Deimhnithe Talún, Deimhnithe Muirir, Cóipeanna Deimhnithe d'Ionstraimí agus torthaí Cuardach ar Léarscáileanna Oifigiúla, a deimhníodh agus a eisíodh.



SEIRBHÍSÍ EILE

I rith 2005 tháinig fás suntasach ar líon na gcuardach a chríochnaigh ár bhfoireann agus líon na gcáipéisí a soláthraíodh chun imscrúdaithe ar an idirlíon agus ag ár gcuntar poiblí.

TABLE 2.0 **CUARDAIGH**

	2005	2004	2003	2002
Imscrud. Fóil	712,652	510,279	-	-
Cuardaigh Innéacs Ainm.	207,689	155,013	-	-
Cuardaigh Léarscála	71,138	66,040	-	-
Total	991,479	731,332	565,805*	495,000*

*Toisc nár críochnaíodh ár dTogra Íomháú Doiciméide ach i 2004 tá na figiúir do 2002 agus 2003 bunaithe ar chomhaireamh láimhe.

ASCHUR CHLÁRLANN NA NGNÍOMHAS

TÁBLA 3.0 **ASCHUR CHLÁRLANN NA NGNÍOMHAS**

	2005	2004	2003	2002
Clárúcháin	92,859	83,464	76,496	64,028
Cuardaigh	329,281	295,790	261,095	231,779
Cóipeanna Oifigiúla	5,148	5,081	4,754	4,147

AN FÁS SA CHLÁR

Lean líon iomlán na bhfóilió i rith 2005 mar a léiríonn na figiúirí seo a leanas:

- 1,716,662 ar 31/12/2005
- 1,647,679 ar 31/12/2004
- 1,598,742 ar 31/12/2003

Ó seoladh ITRIS tá clár leanúnach ann sonraí gach fóilió a chur ar thaifead leictreonach. Bhíothas tar éis digitiú iomlán ar 55% nó 946,844 de líon iomlán na bhfóilió faoi dheireadh 2005.



Seirbhís Custaiméara

DÁMHACHTAINÍ E-RIALTAIS TIMES NA HEARNÁLA POIBLÍ

I mí Feabhra 2005 roghnaíodh 'Seirbhís Rochtana Leitreonach (EAS) Chlárlann na Talún mar bhuaiteoir ar dhámhachtain Times na hEarnála Poiblí sa chatagóir e-Rialtais láir ab Fhearr agus sa chatagóir e-Rialtais fhoriomlán ab Fhearr chomh maith.

FEABHAS AR ÉIFEACHTAÍ

Tá feabhas suntasacha ar cháilíocht na seirbhíse ar tairiscint ag an eagraíocht de bharr an chláir athraithe agus nuálaíochta i gClárlann na Talún. I roinnt réimsí gníomhaíochta tá deireadh curtha go hiomlán le moill m.sh. imscrúduithe ar fhóiliónna agus ar phleananna comhdaithe agus soláthar sheirbhís innéacsa ainmneacha. Tá feabhas suntasach ar sholáthar seirbhíse i gcinn eile.

In éineacht leis an méadú atá ar úsáid seirbhísí ar líne, tá fás suntasach tagtha ar líon foriomlán na ndéileálacha a críochnaíodh - príomhréimse oibre Chlárlann na Talún mar a bhfuil 80% den fhoireann fostaithe. Ó seoladh ár gcóras nua i 1999 agus mar thoradh ar phróiseas suntasacha athraithe, tháinig méadú 125% ar líon iomlán na ndéileálacha a chríochnaítear in aghaidh na bliana mar a léirítear sa tábla thíos.

TÁBLA 4.0 **DÉILEÁLACHA**

Bliain	Tógáil isteach	Aschur
1999	132,999	98,479
2000	162,650	105,309
2001	156,379	146,554
2002	152,898	151,717
2003	184,585	171,601
2004	197,922	201,655
2005	211,167	221,815

Córais Eolais

IDIRBHEARTA LEICTREONACHA OS CIONN 1 MILLIÚN DEN CHÉAD UAIR

Mar atá le feiceáil ón tábla thíos taifeadadh fás leanúnach ar leibhéal gníomhaíochta agus líon na rannpháirtithe inár seirbhísí ar líne i 2005.

Dealraíonn sé go bhfuil an méadú i líon na dtaifead agus na seirbhísí breise ag cur go mór leis an méadú úsáide agus meastar go leanfaidh an treocht seo feasta. Faoi dheireadh 2005 bhíomar tar éis riocht a bhaint amach mar a raibh:

- 85% de bhonn custaiméara Chlárlann na Talún ag fáil rochtana ar roinnt seirbhísí tríd an EAS
- 85% de na hiarratais ar roinnt seirbhísí déanta ar líne
- Os cionn 4,000 idirbheart gnó déanta in aghaidh an lae tríd an EAS
- 90% de na seirbhísí seo déanta go hiomlán ar bhonn féinfhreastail

Faigheann Clárlann na Talún dhá dhámhachtain ag Searmanas Dámhachtana e-Rialtais Times na hEarnála Poiblí

TÁBLA 5.0 IDIRBHEARTA LEICTREONACHA

	2000	2001	2002	2003	2004	2005
Líon na suibscríobhaí	1,700	2,900	4,400	6,120	7,500	9,200
Líon na n-idirbheart ar-líne	123,943	159,807	274,561	497,560	769,058	1,044,073

SUÍOMH GRÉASÁIN

Tugadh 1,340,000 turas ar leathanach baile Chlárlann na Talún i rith 2005, ar mhéadú 44% ar 2004 é.

Chuathas go leathanach baile an EAS beagnach 800,000 uaire.

Déanadh athsheoladh ar Rannóg na gCeisteanna a Chuirtear go Minic (CCM) den suíomh i mí Lúil agus cheana féin tugadh os cionn 30,000 cuairt air i rith na chéad sé mhí den é a bheith ag obair.

Cuireadh áis Tráchta/Aiseolais leis an suíomh freisin a choimeádann taifead buan ar a ndúirt na custaiméirí agus ar ár bhfreagraí. Fuarthas timpeall 400 trácht/moladh ar an mbealach seo.

I rith 2005 leanamar ag cur ábhair i nGaeilge ar ár suíomh, agus fuarthas os cionn 4,300 cuairt ar leathnach baile na Gaeilge.

10,000ú custaiméir cláraithe landdirect.ie, Gary Daly, Aturnae, ag fáil dámhachtana ó Catherine Treacy (Cláraitheoir) agus John Deeney (Leas-Cláraitheoir) mar chomhartha ar an ócáid.



Mapáil Digiteach

TOGRA MAPÁLA DIGITIGH

I 2005 bhronn Clárlann na Talún sraith de mhórchonarthaí chun teicneolaíocht Mhapála Digiteach a chur i bhfeidhm trasna na heagraíochta mar chuid dá Slánchóras Eolais um Chlárú Teidil (ITRIS). Bhí an tionscadal foriomlán, ar a bhfuil clár fairsing chun bonn mapaí páipéir na Clárlainne a aistriú go foirm leictreonach thar thréimhse cúig bliana, ina phríomh-mhír i straitéis Chóras Eolais Chlárlann na Talún ó 1991. Ullmhaíodh Cás mionsonraithe Gnó i ndeireadh 2003 agus ag tús 2004 agus fuarthas cead leanúint ar aghaidh ón Roinn Airgeadais ar an 31 Bealtaine 2004. Tar éis phróisis fada soláthair a déanadh de réir riachtanais Soláthair Idirnáisiúnta Poiblí, bronnadh conarthaí chun forbairt a dhéanamh ar chóras nua agus bailithe sonraí na mapaí páipéir atá ann i Meitheamh 2005. Tabharfaidh bronnadh an dá chonradh réiteach den dearadh is déanaí do Chlárlann na Talún a chuirfidh an eagraíocht chun tosaigh i bhforbairtí clárúcháin idirnáisiúnta talún.

Faoi láthair, coimeádtar teorainneacha an 2.4 milliún nó mar sin dáileacht talún atá cláraithe i gClárlann na Talún, in éineacht le fairsinge na gcearta éagsúla mar chead slí agus píblínte, agus taispeáintear iad ar thimpeall 32,000 Bileog Mhapa páipéar (de mhéid A0 den chuid is mó) a choimeádann an eagraíocht. Is iad na cuspóirí gnó is bonn leis an togra Mapála Digitigh ná:

- Tacú le stóráil leictreonach agus aisghabháil eolais mapála agus dá réir sin, go gcuirfí deireadh leis an moill a bhíonn ann de dheasca riaradh mhapaí páipéar-bhunaithe, ag ceadú ilrochtana ar mhapaí i gcomhthráth.
- Cumasú ar fheabhsú a dhéanamh ar sheirbhís atá dírithe níos mó ar an gcustaiméar, trí laghdú a dhéanamh ar an aischasta iarratas; rochtain ar líne a sholáthar ar shonraí mhapa tríd an Idirlíon; cabhrú le lóisteáil leictreonach ar chineálacha ar leith iarratas.
- Leanúnachas feabhsaithe Gnó agus cumais aisghabhála tubaiste a sholáthar.
- Áiseanna feabhsaithe cuardaigh a sholáthar ar a mbeadh cuardaigh geografach- agus spásúlacht-bhunaithe.
- Áiseanna feabhsaithe rianaithe ar iarratais ar na iarratais uile taiscthe.
- Clárlann na Talún a chumasú lena mandáit a sheachadadh faoi 'Phlean Gníomhaíochta an tSochaí Feasachta'/an clár 'Rialtas Leictreonach'.
- Soláthar a dhéanamh ar níos mó eolais bhainistíochta trí thuairisciú a dhéanamh ar chás-ualach agus trí úirlisí ceistiúcháin ad hoc.
- Tacú le Clárlann na Talún le freastal ar an éileamh atá uirthi faoi 'Thionscnamh Straitéiseach Bainistíochta / Seachadadh Rialtais Níos Fearr ' an Rialtais.



- Cuidiú le Clárlann na Talún lena ról mar chroí-rannpháirtí i dTionscnamh Sonraíochta Spásúlachta na hÉireann(ISDI) a chomhlíonadh.
- Clárlann na Talún a chumasú le bheith lán-rannpháirteach i dtionscnaimh idirnáisiúnta mar Sheirbhís Eolais Talún na hEorpa. (EULIS).

Go dtí seo, nuair ba mhian le custaiméirí na mapaí seo a scrúdú agus fóilió agus sonraí úinéara a aimsiú óna leithéid de mhapaí bhí orthu dul go hoifigí na Clárlainne. Den chéad uair, beidh custaiméirí a úsáideann landdirect.ie in ann cuardaigh mhapa a dhéanamh ar an idirlíon agus féachaint ar na torthaí agus ar shonraí ó shócúlacht agus áisiúlacht a ríomhaire féin.

Beidh leasa fairsinge i gcur i bhfeidhm na teicneolaíochta digiteach mapála d'oibrithe inmheánach na Clárlainne, a chuirfidh a thuilleadh feabhais ar chaighdeán na seirbhíse a sholáthraíonn an eagraíocht.

Tá sé i gceist go mbeidh an tseirbhís nua mapála ar líne, a chuireann leis an réimse seirbhísí ar líne atá á soláthar cheana féin ag Clárlann na Talún tríd an EAS, beo go luath i 2006. Le linn an chéad chéim den bhfeidhmiúchán tig le custaiméirí Chlárlann na Talún cuardaigh ar-líne a dhéanamh ar léarscáil Chlárlann na Talún i gcontaetha uile na tíre trí na haimsitheoirí geografachta (síolphointí) a roghnú, a bheidh infheicthe laistigh dá gcuid bheabhsálaithe gréasán agus bainfidh an córas an fóilió a bhaineann leis an bpointe amach. Déanfar na síolphointí a fhorleagan ar shraith reatha mapaí Shuirbhéireacht Ordanais Éireann (OSi) Mercator Trasnach na hÉireann (ITM) agus beidh sé nasctha freisin le bunachar GeoEolaire a cuireadh le chéile ag An Post agus OSi in éineacht. Úsáidfear sonraí an GeoEolaire mar thaca le feidhm innéacs tíreolaíochta chun maoin a aimsiú trí sheolta, ar chóras nua Chlárlann na Talún. Tosaíodh freisin ar dhigitiú na ndáileachtaí talún i ngach contae i 2005, ag tosú le Contae na hlarmhí. Déanfar digitiú ar na 25 contae eile laistigh de chúig bliana.

Comhuaineach leis an gcur i bhfeidhm seo, tá sé pleanáilte freisin athbhrandáil a dhéanamh ar an Seirbhís Rochtana Leictreonach faoin mbratach nua de landdirect.ie. Feidhmeoidh an táirseach seo ansin mar lárphointe don réimse iomlán seirbhíse atá á thairiscint ag an eagraíocht.

Cumainn Eorpacha

SEIRBHÍS EOLAIS TALÚN NA hEORPA (EULIS)

Is é cuspóir straitéiseach EULIS ná rochtain éasca domhanda a sholáthar ar eolas leictreonach talún agus maoine na hEorpa d'fhonn tacú le margadh amháin maoine Eorpach agus é a chur chun cinn.

IS É AN FÍS ATÁ ANN DON TODHCHAÍ NÁ I NDEIREADH THIAR:

- go mbeidh rochtain éasca ag custaiméirí ar eolas faoi mhaoin ar leith indibhidiúil atá cláraithe ag Clárlanna Talún ar fud na hEorpa,
- go mbeidh rochtain acu chomh maith ar gach eolas riachtanach tagartha ar na seirbhísí cláraithe talún agus maoine a sholáthraítear, agus ar an gcomhshaol dlíthiúil a bhaineann leis, i ngach tír Eorpach; agus
- go mbeidh gach seirbhís cláraithe talún agus maoine Eorpach inrochtain go héasca trí tháirseach amháin. (www.eulis.org)

Thionól EULIS a gcéad Chruinniú Ginearálta Bliantúil ar an 9 Nollaig 2005 i Várs. In éineacht leis na hocht bpáirtithe bunaithe ón Ostair, an Fhionlainn, Sasana agus an Bhreatain Bheag, an Ísealtír, an Ioruaidh, Albain agus an tSualainn ag an CCB bhí páirtithe nua ionchasacha ó Phoblacht na Seice, An Liotuáin, an Ghearmáin, an Íoslainn, an Laitve, Tuaisceart Éireann, an Pholainn, an tSlóvaic, an Spáinn agus Éire.

Chuala toscairí mar a d'éirigh leis an gcéad tionscadal 'Léiritheoir EULIS' a déanadh le tacaíocht ó chlár eÁbhair Choimisiún na hEorpa ar chéad chéim é i dtreo físe comhchoiteann a chur i bhfeidhm ar fhíorSheirbhís tras-Eorpach Eolais Talún.

Bhí léiriú i gceist sa chlár oibre ar an gcéad seirbhís beo a bheadh nasctha le táirseach EULIS, in éineacht le léirithe agus tuarascálacha ar dhul chun cinn físe agus spriocanna an chláir, an próiseas feidhmiúcháin atá molta, ionchais an mhargaidh, an cás gnó, an plean margaíochta agus forbairtí sa todhchaí.

CUMANN CHLÁRLANN TALÚN NA hEORPA

In ár dtuarascáil do 2004 thuagamar imlíne ar conas a bunaíodh Cumann Chlárlann Talún na hEorpa (ELRA) le hÉirinn mar, cheann dá bhaill bhunaigh. Tá sainmhíniú tugtha ar a mhisean mar

'Forbairt agus tuiscint ar ról Chlárúchán Talún i margaí maoine agus caipitil réadaigh.'

I rith 2005 lean an cumann ag fás agus ag forbairt polasaithe agus staideanna i roinnt réimsí. Orthu seo bhí nithe a cuireadh le páipéir Ghlasa an AE ar Chomharbas agus Uachtanna agus Creidmheas Morgáiste san AE.

Thionól údaráis na Gréige comhdháil ar éirigh an-mhaith léi sa Chréit sa Bhealtaine agus lean cruinniú eile sa Bhruiséal é seo ag ar seoladh suíomh nua gréasáin. Tá an bhallraíocht ag fás i gcónaí ón gcéad 6 dhlínse bunaithe go dtí an leibhéal atá ann faoi láthair de 16 le spéis á léiriú freisin ag roinnt eile dlínse. In éineacht le fóram an-úsáideach a chur le chéile mar ar féidir smaointe a phlé, beidh ról suntasach ag an gcumann maidir le baill a choimeád ar an eolas ar fhorbairtí iomchuí ag leibhéal an AE.

Seoladh na Mapála Digitigh: Nick Snape (Laser-Scan), Séamus Gilroy (Proteus Solutions), Michael McDowell T.D., Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí and Catherine Treacy, Príomhfheidhmeannach agus Cláraitheoir na nGníomhas agus Teideal

Athchóiriú agus Nua-aoisiú

ATHCHÓIRIÚ AGUS NUA-AOISIÚ NA DLÍ TALÚN AGUS TÍOLACAIS

I gcaitheamh 2005 leanadh den dul chun cinn ar athchóiriú agus nua-aoisiú na dlí talún agus tíolacais. D'infheistigh Clárlann na Talún mórán ama agus saineolais in ullmhú agus dréachtadh reachtaíochta nua leis an Údarás um Chlárúcháin Maoine, d'fhonn bonn a chur faoi nuálachtaí teicneolaíochta a bhí ar bun le blianta anuas, le hathleagan a chur ar an reachtaíocht rialachais ar Chlárlann na nGníomhas, le feidhm a thabhairt do mholtaí an Choimisiúin Athchóirithe Dlí agus le raon leasuithe a thabhairt isteach don Acht um Chlárú Teidil 1964 rud a chúiseoidh níos mó éifeachta. Bhí tabhairt isteach na reachtaíochta seo ina sméar mullaigh ar obair na mblianta ina raibh oifigigh na Clárlainne ag obair go dlúth le Rannóg na Dlí den Roinn Dlí agus Cirt, Comhionnanais agus Athchóirithe Dlí agus le hOifig an Ard-Aighne agus oifig an Dréachtóra Parlaiminte. Is dócha go síneofar an reachtaíocht ina dlí i dtús 2006.

Ar an Acht Um Chlárúcháin Maoine a bheith sínithe ina dlí ní bheidh feidhm níos mó leis na Rialacha rialachais ar Chlárú Teidil. Dá thoradh seo beidh gá le hathbhreithniú iomlán ar Rialacha Chlárlann na Talún agus, den chéad uair, ullmhúchán Rialacha i leith feidhmiúcháin Chlárlannn na nGníomhas d'fhonn intinn na reachtaíochta a fheidhmiú.

I gcaitheamh 2005 deineadh dhá athrú suntasach a thiocfaidh i bhfeidhm i 2006. Beidh tionchar suntasach ag an dá cheann acu agus is comhartha soiléir iad gurb é polasaí daingean an Rialtais é an clárúchán a mhéadú agus an clár a chríochnú laistigh de thréimse réasúnta ama. Leathnófar clárúchán éigeantach do thrí chontae breise - an Iarmhí, Longfort agus Ros Comáin - le héifeacht ón 1ú Aibreán 2006 agus tabharfaidh sin líon na gcontae ina bhfuil clárúchán éigeantach go dtí sé. Agus an tOrdú á dhéanamh dúirt an tAire: 'Tá déanamh an Orduithe seo ar an gcéad síneadh ar chlárúchán éigeantach ó 1969. Creidim go bhfuil cur chun cinn agus leathnú ar chlárúchán ar úinéireacht talún ina fhactóir criticiúil agus sinn ag gluaiseacht i dtreo chórais r-tíolaice talún. Thug mé comhartha dem intinn maidir le leathnú ar chlárúchán éigeantach le linn na díospóireachta sa Seanad ar an mBille um Chlárú Gníomhas agus Teidil agus tugann déanamh an Ordaithe tathag don ráiteas intinne sin.

Tá seasamh uathúil ag aturnaetha mar oifigigh Cúirte, atá aitheanta le fada fada ag Clárlann na Talún. Dá dhroim sin, is ann do raon de nithe maidir le clárúchán a nglactar leo nuair atá deimhniú ó aturnae leo. Tá seo luachmhar go háirithe i gcás Clárúcháin den Chéad uair. Is é dearcadh na Clárlainne é ná, nuair atá an teideal imfhiosruithe ag cleachtóir gairmiúil, nach bhfuil ann ach ciallmhar, mar thoradh ar an iarracht seo, go gclárófaí an teideal sin ar an gclár ar bhonn deimhnithe cuí. Leis na blianta fada bhí an dearcadh ag aturnaetha agus a gcomhlacht ionadaíochta, an tOllchumann Dlí, go raibh an táirseach ar a nglacfadh Clárlann na Talún le deimhnithe ó aturnaetha ró-íseal le leibhéal ar bith réasúnta deimhnithe a chinntiú. Dá bhrí sin, tá an táirseach d'Fhoirm 3 d'iarratais ar chéad chlárúchán ardaithe go €1m le héifeacht ó Eanáir 1ú 2006.



Soláthar Eolais

TREORACHA CLEACHTAIS

Tá clár ar siúl le tamall ar na Treoracha Cleachtais uile a athbhreithniú agus iad a fhoilsiú ar ár suíomh gréasáin. Foilsíodh na cinn a athbhreithníodh i 2005 ar bhealach níos cairdiúla don úsáideora le hipearnasc le reachtaíocht ábharthach, ionstraimí reachtúla, foirmeacha etc.

Tá 3 PD athbhreithnithe ar fáil anois. Tá athbhreithniú ar 12 eile go maith faoi sheol agus tá roinnt Treor Cleachtais nua á ndréachtadh agus foilseofar iad in am tráth. Tá na Treoracha Cleachtais athbhreithnithe á n-athuimhriú i sraith 2006.

A luaithe is a fhoilsítear PD i sraith 2006 marcáilfear an seanleagan *'Cartlanntha, PD Uimh... de 2006 ina háit'*. Meastar go mbeidh na Treoracha Cleachtais uile atá ann cartlanntha agus sraith 2006 curtha ina n-áit i gcaitheamh na bliana atá romhainn.

Is féidir luach na hoibre seo a fheiceáil sa mhéid, i gcás an chéad Treoir Cleachtais a foilsíodh ar an mbealach seo, "P.D. (2005) Uimh. 15; Teideal trí Sheilbh Chodarsnach ar Thalamh Cláraithe", ar déanadh rochtain air ar bhreis is 5,000 ócáid.

Cé nach féidir go bhfuil aon tacar de threoracha cleachtais lánchuimsitheach, tá súil againn go mbeidh foilsiú na sraithe athbhreithnithe ina chúnamh do dhaoine gur gá dóibh úsáid a bhaint as ár gcuid seirbhísí. Beidh na Treoracha Cleachtais ina gcuid d'fhoilseachán athbhreithnithe na gClárlanna faoi Alt 16 den Acht um Shaoráil Faisnéise 1997 agus 2003.

Mar threoir amháin a chuirtear ann Treoracha Cleachtais agus níor cheart féachaint orthu mar shainmhínithe dlíthiúla. Cé gur déanadh cúram réasúnta dá gcur le chéile ní dhéantar aon éileamh ar a gcruinneas ná a n-iomláine. Tá úsáid ar aon eolas a fhéadfaí a athrú nó a uasghrádú am ar bith gan aon fhógra, ar priacail an úsáideora amháin. Ní ghlacfaidh Cláraitheoir na nGníomhas agus Teideal ná an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí le freagracht dlíthiúil as aon mhíchruinneas ná faillí san eolas atá sna Treoracha Cleachtais.

Cairt Chustaiméara

SPRIOCANNA SEACHADTHA SEIRBHÍSE - CLÁRLANN NA TALÚN

Baineadh amach na spriocanna seachadtha do chóipeanna d'fhóiliónna a iarradh trínár Seirbhís Rochtana Leictreonach (EAS) i gcaitheamh 2005 agus sáraíodh iad ar uaire.

Baineadh amach na spriocanna d'eisiúint cóipeanna 'd'fhóiliónna/pleananna comhadaithe sa tríú ráithe - ar a shon sin, bhí an t-aschur 2% faoi bhun na sprice ag deireadh na bliana.

Níor baineadh amach na spriocanna do chuardach mapála a chríochnú ach i mbeagán de na contaetha i gcaitheamh 2005. Cé nár bhain suntas ar leith le moilleanna agus le tréimhsí aischur, le teacht ár gcóras nua Mapála Digitigh meastar go ndéanfar dul chun cinn sa réimse seo i gcaitheamh 2006.

SPRIOCANNA SEACHADTHA SEIRBHÍSE - CLÁRLANN NA NGNÍOMHAS

Baineadh amach na spriocanna seachadtha uile a leagadh amach i gCairt Chustaiméara Chlárlann na nGníomhas i gcaitheamh 2005.

IARRATAIS UM SHAORÁIL FAISNÉISE

Tugadh iarratas amháin um Shaoráil Faisnéise ar aghaidh ó 2004. Fuarthas 48 n-iarratas eile i 2005 agus deonadh 5 chinn díobh, déanadh páirtdheonú ar 1, diúltaíodh 4 agus tarraingíodh siar 36 agus déileáladh leo lasmuigh de na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise. Ag deireadh 2005, bhí 3 chás fós beo.

SÍNEADH AR ACHTANNA UM SHAORÁIL FAISNÉISE

I gcaitheamh 2005 tugadh fógra don oifig go ndearna an Rialtas cinneadh ar an gCoiste um Chlárú Teideal a thabhairt laistigh de dhlínse na nAchtanna um Shaoráil Faisnéise.

Lean an tOifigeach um Shaoráil Faisnéise mar ionadaí na hoifige ar Ghréasán Úsáideoirí na Stát Seirbhíse, Ghréasán um Shaoráil Faisneise agus an Ghrúpa Oibre Idir Ranna um Shaoráil Faisnéise.

PRÓISEAS UM GHEARÁIN

Fuarthas 8 ngearán agus déileáladh leo faoin ár bpróiseas gearáin i 2005.

ROCHTAIN AR ÁR GCUID ÁISEANNA

Tá ár suíomh gréasáin ag teacht le Comhréiteach ar Leibhéal A de Threoirlínte Rochtana Ábhar Gréasáin an W3C.

Cuireadh áis nua le cóip ionstraimí a ordú ar-líne ar fáil i gcaitheamh 2005.

Tá togra athchóirithe ar siúl anois le feabhas a chur ar rochtain ar ár nOifig i Sráid Seansaireachta. Cuimseoidh an togra bealach isteach inrochtain le cathaoir rotha a chur isteach. Tá áiseanna rochtana do cheantair phoiblí laistigh den oifig agus áiseanna leithreas inrochtain do chathaoir rotha curtha isteach.

SEIRBHÍS TRÍ GHAEILGE

DRÉACHT-SCÉIM

Faoi Alt 12 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla d'iarr an tAire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta go n-ullmhódh na Clárlanna dréachtscéim do sholáthar seirbhísí as Gaeilge. Bunaíodh grúpa oibre le hionadaithe ó cheantair éagsúla feidhmiúcháin na gClárlanna. D'ullmhaigh an grúpa dréachtscéim bunaithe ar threoirlínte Roinn na Gaeltachta. Glacadh comhairle ó Roinn na Gaeltachta agus ón Ard-Aighne maidir le ceisteanna áirithe dlíthiúla maidir le soláthar an Chláir i nGaeilge. Beidh an chomhairle sin léirithe sa scéim a fhoilseofar i 2006.

OILIÚINT SA GHAEILGE

I Meán Fómhair 2005 thosaigh ochtar oifigeach ar chúrsa dioplóma 2 bhliain sa Ghaeilge á reáchtáil ag Coláiste na hOllscoile, Gaillimh. Cuideoidh seo linn le freastal ar an bhforáil faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla go mbeadh leorlíon foirne ann a bheadh inniúil ar an nGaeilge.

Scrúdan Seachtrach

GRÚPA DEARBHAITHE FEIDHMIÚCHÁIN

I gcaitheamh 2005 chuir na Clárlanna dhá thuarascáil faoi bhráid an Ghrúpa seachtrach Dearbhaithe Feidhmiúcháin (PVG) ag sonrú an dul chun cinn a déanadh ar ár bPlean Gníomhaíochta faoi Bhuanú an Dul Chun Cinn. Scrúdaigh an PVG na tuarascálacha agus dhearbhaigh a sásacht ar dhul chin cinn chlár nua-aoisithe na gClárlanna. Dhein an PVG tagairt mholtach do roghnú Clárlainne na Talún mar bhuaiteoir ar dhámhachtain r-Rialtais na hÉireann i gcatagóirí r-Rialtais Láir agus an r-Rialtais iomlán is fearr.

CEISTEANNA PARLAIMINTE

Chuir baill den Oireachtas 159 Ceist Pharlaiminte ar an mbord agus freagraíodh iad, agus fuarthas 155 litir/aighneacht ó bhaill na Dála agus an tSeanaid agus déileáladh leo.

GRÚPA FÓCAS CUSTAIMÉARA

Tháinig an fóram do na Clárlanna agus a gcustaiméirí le chéile ar 4 ócáid i gcaitheamh 2005. Sholáthair na cruinnithe seo deis leanúnach do chomhairliúchán ar raon de cheisteanna agus dáileadh eolais ar aon athruithe a bhí pleanáilte nó á dtabhairt isteach.

SEIMINEÁIR

Ghlac oifigigh na Clárlainne páirt i líon mór Seimineár agus de chúrsaí traenála do dhlíodóirí agus chustaiméirí eile i gcaitheamh 2005, a eagraíodh i gcomhoibriú leis an Ollchumann Dlí, Cumainn Bharra, comhlachtaí ionadacha eile agus eagraíochtaí indibhidiúla traenála.

CUAIRTEOIRÍ AR NA CLÁRLANNA

Déanadh óstaíocht ar raon de chuairteanna ar an dá Chlárlann i gcaitheamh 2005. San áireamh anseo bhí toscaireachtaí ar leith ón Ioruaidh agus ón tSualainn - thar ceann pobail dlíthiúla agus suirbhéireachta - chomh maith le roinnt cuairteoirí ó Thuaisceart Éireann, Albain, Sasana agus an Bhreatain Bheag, Ceanada agus an Afraic Theas. Chomh maith leis sin, bhí ionadaíocht i gcónaí ag na Clárlanna ag roinnt fóram Eorpacha ar cheisteanna a bhain le clárú talún. Le blianta beaga anuas, le fás ar úsáid an idirlín, tá cumas ann teagmhála agus cumarsáid luachmhar a bhunú ar raon fairsing ábhar ina gcuirfeadh na Clárlanna spéis.

Acmhainní Daonna

LÍON NA FOIRNE

Ar an 31ú Nollaig 2005 bhí:

- 686 duine, i 634.15 post dlíthiúil, riaracháin agus teicneolaíochta sna Clárlanna
- 154 ball foirne (22.5% de líon an lucht oibre) ag baint feidhme as postroinnt
- 57 ball foirne a d'fhág na Clárlanna trí éirí as, dul ar scor, aistruithe, agus sosa gairme.

D'eagraíodh earcú ar bhuan fhoireann agus ar fhoireann sealadach trí sheirbhísí na Seirbhíse Ceapacháin Phoiblí.

Lean na Clárlanna orthu ag tairiscint raon de shocruithe oibre cothromaíochta saoil/oibre don bhfoireann, ar a raibh fleisc-am, postroinnt agus saoire le linn téarma.

COISTE TUAIRIMÍOCHTA

I gcaitheamh 2004 bunaíodh fo-choiste de Choiste Páirtnéireachta na gClárlanna le fóram a sholáthar don bhfoireann lena dtuairimí agus a moltaí a chur isteach ar an mbealach in bhféadfaí ár gcuid seirbhísí a fheabhsú. Fuarthas 21 smaoineamh nua ó 17 mball den bhfoireann i gcaitheamh 2005 agus cuireadh as 25 smaoineamh (ina measc roinnt a bhí ar na bacáin ó 2004).

D'fhonn an fhoireann a spreagadh le cuidiú leis an bpróiseas seo agus le haitheantas a thabhairt don chuidiú a thug na daoine a dhein sin cinneadh ar chistíocht a leithroinnt ó leithroinnt 2004 don Dámhachtain um Fheidhmiúchán Eisceachtúil. Bronnadh na dámhachtainí don bhfoireann ar an 16ú Nollaig 2005.



Tuarascáil Airgeadais

IONCAM

Fuair na Clárlanna Táillí, in airgead tirim, seiceanna, stampaí cánacha etc., dár luach €69.1m i 2005 i gcomparáid le €64.1m i 2004. B'ardú de €5m nó 8% é seo ar theacht isteach 2004.

CAITEACHAS

Tháinig an fíorchaiteachas ó Vóta Chlárlann na Talún agus Chlárlann na nGníomhas do 2005 go dtí €36.6m (i gcomparáid le €33.3m do 2004 - ardú de 10%), rud a d'fhág barrachas ioncaim thar chaiteachas de €32.5m (i gcomparáid le€30.8m do 2004).

Den suim iomlán de €36.6m, tháinig an caiteachas ar thuarastail agus ragobair go dtí €26.2m; b'ionann seo agus 72% den chaiteachas (i gcomparáid le 77% i gcaitheamh 2004). Mhéadaigh an caiteachas ar thuarastail i gcaitheamh 2005 de €600k, nó breis is 2% ar 2004.

Tháinig an Caiteachas Reatha Iomlán do 2005 go dtí €32.4m i gcomparáid le €31.2m do 2004 (méadú de €1.2m)

Tháinig an Caiteachas Caipitil Iomlán do 2005 go dtí €4.2m i gcomparáid le €2.1m do 2004 (méadú de €2.1m)

Nuair a chuirtear na costais seo a leanas san áireamh:

- €2.5m faoi Vóta 7 - Aoisliúntas agus Blianachtaí Scoir
- €3m faoi Vóta 10 - Oifig na nOibreacha Poiblí (Reatha €1.8m agus Caipiteal €1.2m)
- €3.4m cíosa nóiseanach ar shealúchas in úinéireacht an Stáit

méadaíonn an caiteachas iomlán nóiseanach i 2005 go dtí €45.5m agus fágann sin barrachas nóiseanach ag ioncam thar chaiteachas de €23.6m do 2005 (i gcomparáid le €21.2m do 2004).

Ionann an t-iomlán seo agus méadú de €2.6m nó 6% ar 2004.

BARRACHAS/EASNAMH BUNAITHE AR CHUNTASÓIREACHT FHABHRUITHE

Mar a rianaíodh, bhí teacht isteach airgid na gClárlanna ar €69.1m i 2005 agus bhí an caiteachas airgid ar €36.6m - barrachas i dtéarmaí srutha airgid de €32.5m. Ar a shon sin, ní léargas cruinn é seo ar bhonn feidhmiúcháin na gClárlanna mar eisiann sé costais áirithe a bhaineann le seirbhísí teagmhasacha:

Costais nóiseanacha d'íocaíochtaí aoisliúntais le fostaithe ar scor, costais cóiríochta ar shé

fhoirgneamh agus costais a bhaineann le seirbhísí a sholáthraíonn ranna eile rialtais - nuair a chuirtear iad seo san áireamh titeann an barrachas de €32.5m go dtí €23.6m.

Socraítear táille na Clárlainne Talún agus na Clárlainne Gníomhas i bhfianaise an chostais a bhaineann le soláthar na seirbhísí uile. I gcaitheamh 2005 laghdaíodh an riaráiste ar dhéileála agus, dá bhrí sin, is figiúir creidmheasa na híocaíochtaí faoi na fabhruithe. Meastar na táillí i leith an laghdaithe ar na riaráistí sna hiarratais ar €2.4m. Ba cheart a thabhairt faoi deara nach ann don suim seo in airgead tirim ag fabhrú do na Clárlanna mar íoctar na táillí uile, ar theacht isteach dóibh, leis an Státchiste.

Á chur seo san áireamh, is ann do bharrachas fabhraithe nóiseanach de €26m do 2005 i gcomparáid le €21.3m do 2004.

AONAD AIRGEADAIS

I gcaitheamh 2005 déanadh aisíoc ar 20,200 éigin barrachas táillí dár luach €2.3m le custaiméirí a dhein ró-íocaíocht.

D'ullmhaíodh agus d'aontaíodh na meastacháin airgeadais. Dhein an tAonad Airgeadais a chuid féin don bpróiseas buiséid trí bliana agus sholáthar eolas airgeadais don mBord Eatramhach chomh maith ar bhonn rialta i gcaitheamh 2005.

ACHT UM PHRASÍOC NA GCUNTAS 1997

Is é polasaí Chlárlann na Talún agus Chlárlann na nGníomhas é géilleadh go hiomlán don Acht um Phrasíocaíocht na gCuntas 1997. Tá próisis bunaithe ag na Clárlanna le deimhin a dhéanamh de go n-íoctar gach aon sonrasc laistigh den teorainn reachtúil ama. Cé gur ceapadh na próisis le deimhin a dhéanamh de ghéilleadh don Acht, ní féidir leo ach deimhniú réasúnta nach cinnteacht glan amach é a sholáthar in aghaidh neamhghéilleadh ábharach don Acht.

I 2005 thuill iomlán de 12 shonrasc pionóis ar mhallíocaíocht. Bhí luach €144,093 ar iomlán na sonrasc a íocadh déanach. Ionann seo agus 1.4% de na híocaíochtaí uile laistigh de théarmaí na Rialachán. Tháinig an t-ús iomlán a íocadh de dheasca mallíocaíochta i gcaitheamh 2005 go dtí €226.

TUARASCÁIL AIRGEADAIS

TÁBLA 6.0 ACHOIMRE AIRGEADAIS 1995 GO DTÍ 2005

Bliain	Ioncam	Caiteachas	Barrachas feidhmiúcháin (easnamh)
1995	20,828,992	18,408,683	2,420,309
1996	22,928,402	17,914,884	5,013,518
1997	25,223,579	23,139,419	2,084,161
1998	26,318,600	22,715,105	3,603,495
1999	30,520,749	25,112,953	5,407,795
2000	43,241,436	27,101,290	16,140,146
2001	46,940,178	33,748,457	13,191,721
2002	46,756,661	37,926,803	8,829,858
2003	56,722,653	41,287,974	15,434,679
2004	64,069,840	42,903,579	21,166,261
2005	69,057,542	45,493,585	23,563,957



Gluais ar théarmaí

CÓIP DEIMHNITHE DE FHÓILIÓ AGUS DE PHLEAN COMHDAITHE

Déantar taifead de gach teideal cláraithe ar fhóilió ar leith. I dteannta a chéile is iad na fóiliónna "An Clár". Leagann fóilió amach mionsonraí na maoine, úinéireacht na maoine agus mionsonraí ar aon ualaigh, chearta, agus mhuirir a mbeadh éifeacht acu ar an maoin. Plean Comhdaithe is ea plean nó léarscáil den mhaoin ar féidir é a bheith ceangailte de agus comhghlactha leis an bhfóilió.

CÓIP DEIMHNITHE DE FHÓILIÓ

Cóip de fhóilió ann féin gan chóip den phlean comhdaithe.

CÓIP DEIMHNITHE DE IONSTRAIM

Is é is ionstraim ann na doiciméid uile teidil a choinníonn Clárlann na Talún tar éis clárúcháin ar leith. Is féidir cóip deimhnithe a eisiúint do na páirtithe a bhíonn i gceist nó do aturnae ag feidhmiú thar a gceann.

DEIMHNIÚ MUIRIR

Deimhniú muirir is ea doiciméid a dheimhníonn úinéireacht mhuirir atá cláraithe ar Chuid a 3 de fhóilió.

DÉILEÁIL

Téarma aicmeach is ea déileáil ar na catagóirí éagsúla iarratas ar chlárúchán a dhéantar ar Chlárlann na Talún. Is féidir "déileáil" a bheith ina iarratas amháin nó ina bheart de iarratais a dhéantar ag an aon am amháin agus a uimhríodh agus a comhairíodh mar aon go traidisiúnta.

SEIRBHÍS ROCHTANA LEICTREONACH (EAS)

Is é EAS an comhéadan poiblí ar ITRIS (Bunachar Sonraí Úinéireachta Chlárlann na Talún) trínar féidir do chustaiméirí fóiliónna agus léirscáileanna comhdaithe a bhaint amach, a fheiscint agus a chló, mionsonraí a fháil ar iarratais atá ar feitheamh maidir le fóiliónna agus iarratais a thaisceadh ar sheirbhísí éagsúla. Tá na seirbhísí seo ar tairiscint ar an idirlíon tríd an suíomh gréasáin www.landregistry.ie.

SCRÚDAITHEOIRÍ AGUS IARRATAIS FAOI ALT 49

Iarratais ar theideal a chlárú i gClárlann na Talún den chéad uair ina gcaitheann foireann phroifisiúnta dlí (Scrúdaitheoirí Teidil) Chlárlann na Talún scrúdú a dhéanamh ar an teideal. Iarratais faoi Alt 49 – chun teideal a fháil bunaithe ar "sheilbh chodarsnach " – Déanann baill fhoirne sinsearacha agus Scrúdaitheoirí Teidil déileáil leo. De ghnáth is cásanna casta iad na hiarratais seo agus is gá mionfhiosrú a dhéanamh ar an teideal. Is próiseas é a thógann mór chuid ama.

BUNCHÍOSANNA

Déanann Clárlann na Talún próiseáil ar iarratais ó Léasaithe gur mian leo "a mbunchíosanna a cheannach" faoin Acht um Thiarnaí Talún agus Tionóntaí 1978. Nuair atá an ceannach déanta tig

GLUAIS TÉARMAÍ

leis an iarratasóir a leas a chlárú i gClárlann na nGníomhas nó i gClárlann na Talún mar is cuí. Cé go bhfuil laghdú ag teacht ar an réimse seo le blianta beaga anuas tá próiseáil déanta ar bhreis is 75,000 iarratas dá leithéid ó 1978 i leith.

SLÁNCHÓRAS EOLAIS UM CHLÁRÚ TEIDIL (ITRIS)

Is é ITRIS an córas leictreonach cúlra a úsáideann foireann Chlárlann na Talún go hinmheánach chun iarratais a phróiseáil agus le stóráil a dhéanamh ar fhóiliónna agus eolas cásoibre a bhaineann le hábhar.

DEIMHNITHE TALÚN

Doiciméad is ea Deimhniú Talún a eisíonn Clárlann na Talún ar iarratas agus a dheimhníonn úinéireacht maoine ar leith agus gur féidir a chur i ngeall mar urrús. Tugtar "Gníomhas teidil" air go coitianta - cé nach bhfuil sin ró-chruinn – cur síos a oireann níos fearr do na doiciméid a shealbhaítear nuair nach bhfuil an mhaoin cláraithe le Clárlann na Talún.

CÁSANNA CHOIMISIÚN NA TALÚN

Tugtar Cásanna Choimisiún na Talún nó Sceidil ILC ar iarratais ó Choimisiún na Talún ar Chomhaontaithe Ceannacháin agus Orduithe Dílseacháin a chlárú.

RAMIS

Is é seo a thugtar ar Chóras Bainistíochta Eolais um Teibí i gClárlann na nGníomhas. Is é an córas ríomhairithe inmheánach é a úsáidtear le heolas a iontráil agus a stóráil tar éis clárúcháin agus a sholáthraíonn torthaí chuardach ina dhiaidh sin.

CUARDAIGH

I ngnó an tíolactha tá níos mó ná ciall amháin leis an téarma "cuardach". Tig leis cuimsiú a dhéanamh ar Chlárlann na Talún agus Chlárlann na nGníomhas agus raon de réimsí eile inar féidir do cheannaitheoirí nó morgáisteoirí /morgáistithe nó páirtithe eile leasmhara cuardaigh a dhéanamh. Faoin gceannteideal seo táimid ag tagairt do chuardach i gClárlann na Talún mar is féidir cineálacha éagsúla "cuardaigh" a dhéanamh:

Cuardach innéacs na nAinmneacha. Nuair nach bhfuil ar eolas ach ainm an úinéara cláraithe agus gur gá an fóilió nó na fóiliónna ar a bhfuil an úinéireacht cláraithe a aithint.

- Scrúdú ar Fhóilió. Tig leis seo leanúint ar chuardach ar innéacs na n-ainmneacha nó má tá uimhir an fhóilió ar eolas cheana féin is féidir an fóilió a scrúdú láithreach bonn.
- Scrúdú ar léarscáil. Nuair nach eol ainm an úinéara cláraithe, uimhir an fhóilió ná uimhir an phlean ach gur féidir an mhaoin a aithint ar ár léarscáil ónar féidir uimhir phlean agus ina dhiaidh sin uimhir fóilió a sholáthar.
- Cuardach ar innéacs bhaile fearainn. Is féidir seo a úsáid nuair nach eol ainm an úinéara ná

uimhir an fhóilió don mhaoin ach gurb eol tagairt an phlean – b'fhéidir ó scrúdú a dhéanamh ar ár léarscáil nó ar léarscáil de mhaoin ar chomhtheorainn. Aithneoidh cuardach ar innéacs bhaile fearainn uimhir an fhóilió gur féidir a scrúdú ansin.

- Cuardach oifigiúil ar léarscáil. Más féidir le duine áit a mharcáil ar léarscáil oiriúnach agus é a chur chuig Clárlann na Talún is féidir cuardach oifigiúil ar léarscáil a dhéanamh chun uimhir an fhóilió agus an úinéir a aithint agus is féidir na torthaí a dheimhniú don iarratasóir.

URSCAOILEADH

Urscaoileadh is ea clárúchán i gClárlann na nGníomhas nuair a admhaíonn iasachtóir go bhfuil an t-airgead a bhí dlite ar an morgáiste aisíoctha.

Teagmhálacha



CLÁRLANN NA TALÚN

Tá ceithre chomhoifig in Ard-Oifig Chlárlann na Talún:

1: Sráid Seansaireachta, Baile Átha Cliath 7
Fón: (01) 670 7500 nó LoCall 1890 333 001
Oifig Phoiblí ar Oscailt: 10.30r.n.-4.30i.n.
- Grúpaí Oibre Tíreolaíocha do Chontaetha an Chabháin, Dhún na nGall, Liatroma, Longfoirt, Lú, na Mí, Mhuineacháin, na hIarmhí.

2: Bloc 1, Urlár 1, Irish Life Centre, Sráid na Mainistreach Íochtarach, Baile Átha Cliath 1
Fón: (01) 670 7500 nó LoCall 1890 333 001
Oifig Phoiblí ar Oscailt: 10.30r.n.-4.30i.n.
- Grúpaí Oibre Tíreolaíocha do Chontaetha Chill Dara, Chill Mantáin
- Bunchíosanna do na contaetha uile.

3: Foirgneamh Nassau , Lárionad Setanta, Sráid Nassau , Baile Átha Cliath 2
Fón: (01) 670 7500 nó LoCall 1890 333 001
Oifig Phoiblí ar Oscailt: 10.30r.n.-4.30i.n.
- Grúpaí Oibre Tíreolaíocha do Chontaetha an Chláir, Bhaile Átha Cliath, na Gaillimhe, Mhaigh Eo, Ros Comáin, Shligigh.

4: Bóthar Chorcaí, Port Láirge
Fón: (051) 303 000 nó LoCall 1890 333 002
Oifig Phoiblí ar Oscailt: 10.30r.n.-4.30i.n.
- Grúpaí Oibre Tíreolaíocha do Chontaetha Cheatharlach, Chorcaí, Chiarraí, Chill Chainnigh, Laoise, Luimnigh, Uíbh Fhailí, Thiobraid Árann, Phort Láirge, Loch Garman.

Clárlann na nGníomhas
Déileáileann leis na Chontaetha uile
Seoladh: Sráid Henrietta, Baile Átha Cliath 1
Fón: (01) 670 7500 nó LoCall 1890 333 001
Oifig Phoiblí ar Oscailt: 10.00r.n.-4.30i.n.

Bunchíosanna
Déileálann leis na contaetha uile
Seoladh: Bloc 1, Urlár 1, Irish Life Centre, Sráid na Mainistreach Íochtarach, Baile Átha Cliath 1
Fón: (01) 670 7500 nó LoCall 1890 333 001
Oifig Phoiblí ar Oscailt: 10.30r.n.-4.30i.n.

www.landregistry.ie



Notaí